

An Dara Scéim Teanga – Aighneachtaí Second Language Scheme – Submissions

Bhí fógra preasa ag an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ar 28 Márta 2008 ag lorg aighneachtaí de bhun Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 ó pháirtithe leasmhara maidir le h-ullmhú dréacht-dara scéime na Roinne. Is sna nuachtáin seo a leanas a cuireadh an fógra: Irish Times, Irish Independent, Irish Examiner, Lá Nua agus Foinse (30 Márta). Fritheadh na sé aighneacht seo a leanas:

The Department of Arts, Sport and Tourism, as part of its work in preparing a draft second scheme under Section 11 of the Official Languages Act, 2003, published a press advertisement on 28 March 2008 inviting submissions on the draft scheme from the public up to 22 April 2008. The advertisement was in the Irish Times, Irish Independent, Irish Examiner and Lá Nua and also in Foinse (30 March). The following six submissions were received:

1 Mr Jim Desmond, Knock House, Rochestown, Cork

As an on course bookmaker who travels from Sligo to Waterford Laytown to Skibereen I never hear a word of Irish. Perhaps you would consider Polish as Polish people don't have good English.

Don't waste more money on Dead Irish Language.

2 Seán Ó Raghallaigh, Oifigeach Cúnta Gaeilge, Comhairle Contae Mhuineacháin

Seo a leanas mo chuid aighneachtaí i leith Scéim na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta don tréimhse 2008-2011:

1. Ba chóir go gcuirfeadh an Roinn iachall ar Chumann Lúthchleas Gael ainmneacha na n-imreoirí ar a gcuid Clár a bheith litrithe i gceart as Gaeilge.
2. Ba chóir go gcuirfeadh an Roinn iachall ar Chumann Lúthchleas Gael logainmneacha na n-imreoirí ar a gcuid Clár a bheith litrithe i gceart as Gaeilge.
3. Ba chóir go gcuirfeadh an Roinn iachall ar Chumann Lúthchleas Gael gan glacadh le haon urraíocht ó thionscal deochanna alcóil.
4. Ba chóir go gcuirfeadh an Roinn iachall ar chumainn eile spóirt gan glacadh le haon urraíocht ó thionscal deochann alcóil.

Chuideodh na leabhair seo le Cumann Lúthchleas Gael:

- An Sloinnteoir Gaeilge agus an tAinmneoir le Muiris Ó Droighneáin (leasaithe agus méadaithe ag Micheál Ailf Ó Murchú), COISCÉIM, 2001;
- De Bhulbh Sloinnte Uile Éireann. (Is oth liom nach bhfuil na sonraí agam.)

Chuideodh an Coimisiún Logainmneacha, 43-49 Bóthar Mespil, Baile Átha Cliath 4 leo ó thaobh Logainmneacha de.

Féach freisin:

- Patrick McKay,
The Northern Ireland Place-Name Project,
Irish and Celtic Studies,
Queen's University,
Béal Feirste.

Seán Ó Raghallaigh - Translation

The following are my submissions for the Dept. of Arts, Sport & Tourism's Schme for the period 2008-11:

1. The Department should oblige the G.A.A. to put the names of the players in Irish on their programmes.
2. The Department should oblige the G.A.A. to put the placenames of the players in Irish on their programmes.
3. The Department should oblige the G.A.A. not to accept any sponsorship from drinks manufacturers.
4. The Department should oblige other sporting organizations not to accept any sponsorship from drinks manufacturers.

The following books would help the Association:

- An Sloinnteor Gaeilge agus an tAinmneoir by Muiris Ó Droighneáin (edited and enlarged by Micheál Ailf Ó Murchú), COISCÉIM, 2001;
- De Bhulbh Sloinnte Uile Éireann. (I regret I do not have the details.)

An Coimisiún Logainmneacha, 43-49 Mespil Rd, Dublin 4 would assist them in relation to place names.

See also:

- Patrick McKay,
The Northern Ireland Place-Name Project,
Irish and Celtic Studies,
Queen's University,
Béal Feirste.

3 Darren J. Prior

I am very disappointed with the department's attitude to the Irish language particularly as it relates to tourism.

The below submission to the Tourism Review Group in 2003 by Gael-Taca represents the opinions I hold on the matter.

<http://www.tourismreview.ie/submissions/prodgeneral/gaeltaca.pdf>

It should further be pointed out that Fáilte Ireland do not have a bilingual website.

GaelTaca.doc

from Padraig Ó Cuanacháin, Gael-Taca, Port Uí Shúilleabháin, Corcaigh - 24 Feabhra 2003

I'd like the group to consider the following facts and recommendations.

It is indeed a tragedy that the tourist industry has failed to grasp the fact that having Ireland like a province of England is of no help to visitors. On many occasions I have discussed these matters with tourists and how often have I heard the statement about Dublin, 'it is just like an English city'. To make matters worse again, the custom of naming new building estates with ridiculous English names such as 'Westminster Mews', 'Tiffany Downs', 'The Cotswalds', 'Chelmsford Village', etc is totally out of line with the idea of encouraging people to come to Ireland for another experience.

It is curious that the Welsh Tourist Board understand the importance of the Welsh Language and indeed they have published a booklet (enclosed) called 'A Sense of Place' in which they stress the importance of the visibility of the Welsh Language. I have often seen in West Cork visitors taking photos outside public houses with Irish names such as 'An Sugán' in Clonakilty.

The Gael-Taca organisation in Cork has been very successful indeed in persuading business people to put up signage in Irish and persuading builders to adopt beautiful Irish names such as 'Árd na Gréine', Gleann Álainn, 'Cois Trá', Dún Eoin', 'Traonach', etc. Can you imagine the result if the Department of Arts, Sport and Tourism would use its influence with Bord Fáilte so that a lead be given in encouraging all businesses to give an important presence to the Irish language. I would expect not just signage outside premises in Irish but that all hotel and restaurant menus would be bilingual or at least show some Irish. It would be a marvellous idea if bilingual announcements were made on public address systems in Shops (curiously enough Marks and Spencers have already pioneered that in Cork and in Dublin), Railway Stations and Sports Venues.

I am enclosing certain literature which would give you an idea of what the work of Gael-Taca is but of course what we would like most (if this could be arranged) is that we could make an oral submission to the tourism policy review group so that they would have an opportunity of hearing our case outlined further and any questions that may arise be dealt with.

4 Conradh na Gaeilge

Réamhrá

Is é seo a leanas ráiteas misin na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta don tréimhse 2005-2008:-

“tacú le dul chun cinn náisiúnta geilleagrach agus sóisialta agus caighdeán saoil shocháí na hÉireann a shuibhriú trí chur chun cinn agus trí fhorbairt inbhuanaithe earnálacha na n-ealaíon agus an chultúir, an spóirt agus na turasóireachta a éascú agus, ag an am céanna, tríd an tairbhe is fearr a bhaint as an idirghníomhaíocht eatarthu.”

Is gá go mbeadh an pobal in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge le gach gné de chuid na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta mar atá luaite faoin bpolasaí rialtais dár teideal Seirbhís Custaiméara den Scoth.

De réir Scéim na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta 2005-2008:-

“Faoi réir Chairt Chustaiméara na Roinne atá i bhfeidhm ó Bhealtaine 2003 is é polasaí na Roinne iarracht a dhéanamh seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge do dhaoine a bhuaileann isteach chuig an Roinn agus a éilíonn seirbhís dá leithéid.”

Is léir ón ráiteas thuas gur próiseas frithghníomhach atá i gceist le soláthar seirbhísí Gaeilge sa Roinn. Ba chóir go mbeadh próiseas réamhghníomhach ann. Is é sin, ba chóir go gcuirtear in iúl don saoránach go bhfuil rogha teanga aige/aici seachas an tseirbhís a chur ar fáil nuair a éilíonn an saoránach an tseirbhís sin. Molann Conradh na Gaeilge don Roinn an rogha teanga seo a chur in iúl don phobal sa chéad scéim eile acu.

Maidir le struchtúr na scéime, molann Conradh na Gaeilge leas a bhaint as an teimpléad comónta, mar a mholaimid leis na comhlachtaí poiblí ar fad ionas go mbeidh scéimeanna den leagan amach céanna ag gach comhlacht stáit faoi alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Le teimpléad comónta, bheadh comhionannas idir na comhlachtaí poiblí ar fad agus bheadh sé níos soiléire don chustaiméir cad iad na seirbhísí atá ar fáil go dátheangach trasna na gcomhlachtaí poiblí ar fad. Molaimid leagan na haighneachta seo mar an teimpléad comónta sin.

Eolas

Fáiltímid roimh na hiarrachtaí atá déanta ag an Roinn chun eolas faoi chúlra, sheirbhísí reatha, phleananna agus réimsí eile eolais i dtaca leis an Roinn a chur ar fáil go dátheangach, an tuarascáil bhliantúil san áireamh. Is gá, áfach, go mbeadh an t-eolas seo ar fáil go comhuaineach, an dá theanga taobh le taobh, agus gan gá le haon obair bhreise a dhéanamh chun teacht ar an eolas i nGaeilge thar mar a bheadh i gceist chun teacht ar an eolas i mBéarla. Molaimid leagan amach na dara scéime a athrú ionas go mbeidh an Ghaeilge ar chlé agus an Béarla ar dheis. Tá sé tábhachtach an Ghaeilge a dhéanamh níos feiceálaí le cur in iúl go bhfuil fáilte roimh an nGaeilge i ngnóthaí na Roinne.

Spríoc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

Comfhreagras

Go mbeidh comfhreagras iomlán ar fáil i nGaeilge más é sin rogha an tsaoránaigh agus go ndéanfar é seo ar bhealach nach gcuirfidh moill ar ghnó an tsaoránaigh nó nach gcuirfidh as don leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil. Maidir le stáiseanóireacht, ba chóir go mbeadh ainm agus sonraí teagmhála na Roinne dátheangach.

Spríoc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

Córas Gutháin

Tá an-tábhacht leis an gcóras gutháin mar gurb é seo an chéad phointe teagmhála go hiondúil a bhíonn ag an saoránach leis an Roinn. Tá sé tábhachtach gur féidir le gach teileafónaí déileáil le fiosruithe an phobail sa dá theanga oifigiúla agus go gcuirfí in iúl don saoránach:

- go bhfuil rogha teanga aige/aici,
- go bhfuil fáilte roimh an nGaeilge
- go bhfuil seirbhís Ghaeilge ar chomhchaighdeán le seirbhís Bhéarla ar fáil.

Moltar fáilte a chur as Gaeilge i gcónaí nuair a fhreagraítear an guthán, agus teachtaireachtaí dátheangacha a thaifead, nó teachtaireachtaí Gaeilge más i gceantar Gaeltachta í an oifig. Maidir

le córas uathoibríoch, ba chóir go dtabharfaí rogha teanga don saoránach roimh aon rogha eile. Níor chóir go gcuirfí moill ar ghnó an tsaoránaigh nó go gcuirfí as don leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil dó/di má lorgaíonn sé/sí seirbhís trí Ghaeilge.

Sprioc: Ó thus na Scéime

Ríomhphost

Moltar leagan Gaeilge a bheith ann do gach seoladh ríomhphoist, mar shampla a úsáid agus a cheangal leis an leagan Béarla ionas go dtéann gach ríomhphost isteach chuig an seoladh amháin. Tá sé tábhachtach nach gcuirtear moill ar ghnó an tsaoránaigh má dheineann sé/sí a g(h)nó i nGaeilge.

Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

Suíomh Idirlín

Tá an-tábhacht sa lá atá inniu ann leis an suíomh idirlín mar gurb é an chéad fhoinse eolais go hiondúil a bhíonn ag an saoránach don Roinn agus léiríonn úsáid na Gaeilge ar an suíomh meon na Roinne i leith na Gaeilge. Molaimid dátheangachas na bhfoilseachán ar an suíomh ach is léir go bhfuil an-chuid forbartha fós le déanamh ar shuíomh idirlín na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Cuirimid na moltaí seo a leanas roimh an Roinn:

- Leathanach baile a chur suas a thabharfaidh rogha dul isteach sa leagan Gaeilge nó sa leagan Béarla den suíomh.
- An rogha don leagan Gaeilge a chur os cionn an rogha don leagan Béarla ar an leathanach molta seo chun an rogha Gaeilge a dhéanamh níos feiceálaí.
- Má bhíonn íomhánna ar an leathanach baile molta seo, tá sé tábhachtach nach mbeadh íomhá chathrach nó thuaithe ag baint le teanga ar leith chun léiriú go mbaineann gach ceann den dá theanga oifigiúla le pobal na hÉireann ar fad, is cuma cá bhfuil said.
- Seoladh an tsuímh a athrú go www.ealaíon-spóirt-turasóireachta.gov.ie nó ar a laghad an seoladh sin a thabhairt don leagan Gaeilge. Tá sé tábhachtach nach dtugtar tosaíocht don Bhéarla tríd an seoladh www.arts-sport-tourism.gov.ie/ga a thabhairt don leagan Gaeilge.
- Leagan Gaeilge a bheith ann do gach leathanach agus do shuíomhanna na rannán ar fad .
- Cinntiú go bhfuil Gaeilge chruinn ar an suíomh.
- Óráidí ar an suíomh a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.
- Is gá go gcuirfidh an Roinn Éalaíon, Spóirt agus Turasóireachta in iúl do gach eagrais, seirbhís agus gnólacht ar shuíomh na Roinne go gcaithfear seirbhís dhátheangach a chur ar fáil.

De réir Scéim na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta 2005-2008:- “Forbróidh an Roinn suíomh gréasáin i nGaeilge agus i mBéarla araon i ndáil leis an ngnáthábhar a bhaineann leis an Roinn agus lena seirbhísí.” Is léir nach bhfuil forbairt déanta ar leagan Gaeilge den suíomh cé go bhfuil roinnt ábhar le fáil as Gaeilge ar an suíomh. Tá an Roinn ag tabhairt tosaíochta don Bhéarla agus ba chóir é sin a athrú ionas go ndéileálfaí leis an dá theanga oifigiúla ar bhonn comhionann.

Sprioc: Roimh dheireadh na Scéime

Córas Ríomhaireachta

Tá sé an-tábhachtach go mbíonn an córas ríomhaireachta ábalta déileáil le húsáid na Gaeilge sa chaoi is gur féidir le foireann na Roinne seirbhís Ghaeilge a chur ar fáil atá ar chomhchaighdeán

le seirbhís Bhéarla. Ba chóir ‘Gaelspell’, ‘Gléacht’ nó córas ar bith eile chun litriú Gaeilge a cheartú a bheith mar chuid den phacáiste ríomhaireachta atá in úsáid sa Roinn.

Spríoc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

Foireann

De réir Scéim na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta 2005-2008, tá sé mar aidhm ag an Roinn “cúrsaí oiliúna cuí Gaeilge a chur ar fáil d’fhoireann uile na Roinne, agus cúrsaí laistigh de ghnáthuaireanta oibre orthu sin, chun go mbeidh an tinreamh agus ábharthacht na gcúrsaí d’obair na Roinne chomh maith is is féidir é.” Fáiltimid roimh an aidhm seo agus roimh na beartais a luaitear sa scéim chun an aidhm seo a bhaint amach. Tá sé tábhachtach go dtuigeann an fhoireann an tábhacht a bhaineann le bheith ábalta plé le agus seirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí na Roinne go dátheangach. Maidir le cúrsaí Gaeilge d’ardchaighdeán atá ar fáil taobh amuigh d’uaireanta oifige, molaimid cúrsaí Gaeilge Chonradh na Gaeilge atá curtha in oiriúint do shiollabais Theastas Eorpach na Gaeilge de chuid Ollscoil na hÉireann Má Nuad.

Spríoc: Roimh dheireadh na Scéime

Soláthar Seirbhísí

Tá sé tábhachtach go mbeidh deis ag an saoránach seirbhísí iomlána na hoifige a fháil trí mheán na Gaeilge, ó eolas faoi na seirbhísí a fháil, comhfhreagras trí Ghaeilge, agus plé díreach leis an bhfoireann trí mheán na Gaeilge. Ó thaobh soláthar seirbhísí de, tá sé tábhachtach go mbeidh:

- Foireann ann chun seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge
- Nósmhaireacht bunaithe chun an rogha teanga atá ar fáil i nGaeilge a chur in iúl don phobal
- Córas eagraithe chun a chinntiú nach gcuirfí moill ar leith ar an té a lorgaíonn seirbhís i nGaeilge.
- Córais inmheánacha, foirmeáilte agus neamhfhoirmeáilte, chun úsáid na Gaeilge i measc na foirne a spreagadh

Spríoc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

Plé leis an bPobal

Foireann: Foireann a chur ar fáil atá lánchumasach sa Ghaeilge chun plé leis an bpobal nó le daoine aonair ar mian leo seirbhís a fháil trí Ghaeilge. Eolas a bhfuil seirbhís mar seo ar fáil a phoibliú go forleathan.

Ócáidí: Molaimid go seolfadh an Roinn aon chúrsa, seirbhís phoiblí, seimineár nó an ócáid phoiblí eile go dátheangach, nó i nGaeilge amháin más ceantar Gaeltachta atá i gceist.

Spríoc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

Ceantair Ghaeltachta agus Ceantair ina bhfuil leibhéal ar cainteoirí Gaeilge agus gaelscoileanna

Molaimid go ndéanfaidh an chéad scéim eile den Roinn tagairt do sheirbhísí a chur ar fáil do chustaiméirí ó cheantair Ghaeltachta agus ceantair ina bhfuil leibhéal ard cainteoirí Gaeilge agus gaelscoileanna. Ós rud é go bhfuil oifigí na Roinne i gCiarraí, contae ina bhfuil ceantair Ghaeltachta, leibhéal ard cainteoirí Gaeilge agus gaelscoileanna, tá sé tábhachtach go gcuireann an Roinn in iúl dá custaiméirí go bhfuil fáilte rompu an Ghaeilge a úsáid agus iad ag plé leis an Roinn. Fáiltimid roimh an méid atá geallta i Scéim na Roinne 2005-2008 ó thaobh

logainmneacha Gaeltachta de, is é sin:- “Cuirfidh an Roinn na socruithe riachtanacha i bhfeidhm lena chinntiú go n-úsáidfídh an Roinn an leagan oifigiúil de logainmneacha Gaeltachta”.

Spríoc: Tús na Scéime

Oifigí/ Foirgnimh

Molaimid don Roinn go mbeadh comharthaí dátheangacha i ngach oifig den Roinn, nó i nGaeilge amháin i gceantair Ghaeltachta, go ndéanfaí soiléir go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge agus go mbeidh seirbhís i nGaeilge ar fáil a bheidh ar chomhchaighdeán le seirbhísí i mBéarla. Ba chóir go mbeadh comharthaí ann le taispeáint cé tá in ann seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil agus cad iad na réimsí seirbhíse lena mbaineann na daoine sin. Ba chóir don Roinn atmaisféar dearfach i leith na Gaeilge a chruthú i ngach ceann dá cuid oifigí, go hoifigiúil agus go neamhoifigiúil, mar shampla, le seomra caidrimh, mar a mbeadh fáilte roimh bhail na foirne teacht le chéile agus an Ghaeilge a labhairt go neamhoifigiúil eatarthu féin. Molaimid an gealltanais chun “ócáid bhliantúil Sheachtain na Gaeilge a cheiliúradh” sa Roinn de réir Scéim na Roinne 2005-2008.

Spríoc: Roimh dheireadh na chéad bhliana

Ócáidí Poiblí

Maidir le polasaí na Roinne i dtaca le cruinnithe poiblí agus an Ghaeilge, geallann Scéim na Roinne 2005-2008 go ndéanfaidh an Roinn “a dícheall chun aon riachtanas a aithnítear a éascú.” Molaimid an polasaí a athrú agus go ndéanfar cinnte go mbeidh gach ócáid phoiblí á reáchtáil i nGaeilge nó go dátheangach idir chomharthaí agus chur i láthair, óráidí san áireamh, agus go ndéanfar aistriúchán/ateangaireacht comhuaineach más ócáid dhátheangach í.

Spríoc: Roimh dheireadh na chéad bhliana

Fógraíocht

Molaimid go ndéanfar an scéim chomhaontaithe a phoibliú go leathan agus go ndéanfar fógraíocht ar na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge. Molaimid go gcuirfear isteach siombail nó ráiteas, a léiríonn go bhfuil fáilte roimh Ghaeilge, i ngach fógra a fhoilsíonn an Roinn chun go dtuigeann an pobal gur féidir an Ghaeilge a úsáid thar na réimsí ar fad den Roinn, ní hamháin i ngnóthaí Gaeltachta.

Spríoc: Tús na Scéime

Freagrecht

Go leanfaí le córas freagrachta chun soláthar na seirbhísí i nGaeilge a chinntiú agus go mbeidh dualgais chinnte ag leibhéal éagsúla riaracháin chun é seo a bhaint amach. Go mbeidh na daoine roghnaithe chun an córas freagrachta a fheidhmiú i gceannas chomh maith ar an bhfeachtas eolais chun na dualgais nua faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus faoi Scéim na Gaeilge a mhíniú don fhoireann ar fad.

Spríoc: Tús na Scéime

Faireachán & Athbhreithniú

Fáiltímid roimh cheapadh Príomh-Aonad Gaeilge sa Roinn. Tá sé tábhachtach go gcoinneoidh an Príomh-Aonad Gaeilge gníomhú éifeachtach na scéime 2008-2011 faoi athbhreithniú, mar a dhein sé do scéim 2005-2008. Tá sé tábhachtach, leis, gur faoi na Príomhoifigigh i ngach ceann de na Rannáin a bheidh an fhreagracht as faireachán ó lá go lá.

Sprioc: Tús na Scéime

Earcaíocht

De réir Scéim na Roinne 2005-2008, “Ní bheidh ar chumas na Roinne foireann don dílárú a earcú de réir líofacht na Gaeilge de.” Don dara scéim, molaimid féachaint chuige líon níos airde daoine a fhostú ar fhoireann na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta idir acadúil, riaracháin agus sheirbhíse, atá inniúil ar chúraimí a bpost a chomhlíonadh i nGaeilge agus i mBéarla. Chuige sin:-

- Fógrófar ar fhógraí earcaíochta uile na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta go dtabharfar tús áite don iarrthóir dátheangach (Gaeilge/Béarla) ach na cáilíochtaí cuí eile a bheith aige/aici ach go nglactar freisin le hiarratais ó dhaoine gan Gaeilge a bheidh sásta cur ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Sa chás nach gcuireann aon iarrthóir le Gaeilge isteach ar phost ar leith leis an Roinn, cuirtear na hagallaimh don phost ar atráth ar feadh tréimhse 6 seachtaine, athfhógraítear an post agus tógtar céimeanna cuí eile chun iarrthóirí le Gaeilge a aimsiú agus a mhealladh.
- Tionscnófar córas nua ceapacháin lena síneofar conradh sealadach 3 bliana le duine gan Gaeilge le cur ar a c(h)umas leordhóthain Ghaeilge a thabhairt leis nó léi chun cúraimí a p(h)oist a chomhlíonadh trí Ghaeilge. Má éiríonn leis an duine sin sa scrúdú inniúlacht Ghaeilge ag deireadh na tréimhse 3 bliana sin, déantar iomlán an ceapachán. Muna n-éiríonn, fógraítear an post arís gan dochar do cheart an iarrthóra ar theip air/uirthi sa scrúdú inniúlacht Ghaeilge cur isteach air agus conradh sealadach eile 3 bliana a shíniú leis an Roinn más cuí.
- An rogha teanga a thabhairt do gach agallalaí, is cuma má tá an Ghaeilge ina sainriachtanas don phost i gceist nó nach bhfuil.

Sprioc: Roimh dheireadh na scéime

AIGHNEAECHT Ó CHONRADH NA GAEILGE, 6
SRÁID FHEARCHAIR, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
22 AIBREÁN 2008.

Conradh na Gaeilge – Summary Translation

Introduction

The Department's Mission Statement should provide a service in Irish to the public in respect of every aspect of its activities.

The first Scheme states that the Department's policy is to provide a service in Irish to personal callers to the Department where such a service is requested: this is reactive rather than proactive – the public should be made aware that they have a choice of language available to them.

The new Scheme should follow a common template with other public bodies – the layout of this submission could serve as the template.

Information

In bilingual publications such as the Annual Report the two languages should be put side by side with the Irish version on the left where it would be more prominent. This should also be the case for the new Scheme.

(before end of first year of Scheme)

Correspondence

This should be fully in Irish if sought and without incurring any delay in service. The Department's name and contact details should be in both languages on official stationery.

(before end of first year of Scheme)

Telephone System

When ringing any number in the Department the public should be made aware that a language choice is available, that Irish is welcomed and that service through Irish is available that is of equal; standard with that in English.

Phones should be answered with an Irish greeting and bilingual recorded greetings used.

Automated systems should offer a language choice and no delay should be incurred by choosing Irish.

(from commencement of Scheme)

Emails

An Irish version of each email address linked to the English one should be made available.

(before end of first year of Scheme)

Website

The home page should give a choice between the two languages.

The Irish choice should be above the English.

Any urban/ rural imagery should apply in equal measure to both languages.

An Irish website address should be provided.

An Irish version should be supplied for each page.

Accurate Irish should be used.

Speeches should be in Irish or bilingual.

All other organizations and bodies on the website should be informed that a bilingual service is required.

It is clear that the Department has not fulfilled its commitment under the first Scheme to provide content in Irish. This needs to be put right.

(by end of Scheme)

Computer System

This should be able to deal with use of Irish.

(before end of first year of Scheme)

Staff

Staff should be impressed with the importance of being able to provide a service in Irish.

(before completion of Scheme)

Provision of Services

The public should be able to access a full service in Irish from making the initial enquiry onwards.

The following are required:

Staff available to provide this

Established procedures to inform the public that there is a language choice available

A system in place to ensure that no delay is incurred by choosing Irish

An internal system to encourage use of Irish among staff

(before end of first year of Scheme)

Dealing with the Public

Staff able to do this in Irish

Publicize the fact that a service is available through Irish

Public events etc should be organized in Irish or bilingually.

(before end of first year of Scheme)

Gaeltacht Areas

In view of the proximity of Gaeltacht areas to Killarney and the large number of proficient speakers and Gaelscoileanna in the county the Department should ensure that its commitments under the Scheme are prominent.

(from commencement of Scheme)

Offices/ Buildings

Bilingual signage should be in place both generally and to the effect that use of Irish is welcomed.

A positive atmosphere should be encouraged towards the language in all buildings.

(before end of first year of Scheme)

Public Events

The present Scheme commits the Department to make every effort to facilitate any needs identified. Instead, every public event should be organized bilingually (or in Irish only).

(before end of first year of Scheme)

Advertising

The final Scheme should be widely advertised and refer to the various services available in Irish.

A symbol or phrase should be included in every advertisement to the effect that use of Irish is welcome.

(from commencement of Scheme)

Responsibility

The system should be continued whereby there are clear lines of responsibility at all levels in relation to implementing the Scheme. These should be the same staff who will be responsible for informing staff about their responsibilities in relation to the language.

(from commencement of Scheme)

Monitoring/ Review

Conradh welcomes the establishment of a central Irish Language Unit under the present Scheme. Monitoring should be the responsibility of Principle Officers in the various sections.

(from commencement of Scheme)

Recruitment

According to the present Scheme the Department is not in a position to control the recruitment of staff for decentralization in terms of Irish language proficiency. For the new Scheme the Department should ensure that the level of staff competent in providing a service in both languages should be increased. To this end:

In all recruitment notices for the Department it should be stated that preference will be given to bilingual candidates.

If candidates are not attracted who have a sufficient proficiency in Irish the competition should be postponed for a certain period.

New recruitment procedures should be adopted offering temporary contracts of 3 years to candidates without Irish to enable them to acquire language skills in the interim.

Every candidate for interview should be given the choice of language even if the post does not call for competency in Irish.

5 Údarás na Gaeltachta

Is mian le hÚdarás na Gaeltachta na pointí seo a leanas a dhéanamh maidir leis an scéim nua atá á dhréachtadh:

1. Forálann Alt 11 den Acht go bhféadfadh an tAire, le fógra i scríbhinn chuig ceann comhlachta phoiblí, a cheangal ar an gcomhlacht poiblí dréacht scéim a ullmhú agus a thíolacadh dó nó di lena daingniú laistigh de cibé tréimhse ama (nach faide ná 6 mhí ó dháta eisithe a fhógra) a bheidh sonraithe san fhógra, ar dréacht scéim í ina sonrúfar:

(a) na seirbhísí a bheartaíonn an comhlacht poiblí a sholáthar

(i) trí mheán na Gaeilge amháin

(ii) trí mheán an Bhéarla amháin

(iii) trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge araon

agus

(b) na bearta a bheartaíonn an comhlacht a ghlacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhísí nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh

2. (a) Sonrófar i ndrúacht scéim dá dtagraítear *i bhfo-alt* (i) na modhanna cumarsáide atá le soláthar sa Ghaeilge amháin, sa Bhéarla amháin agus sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon.

2. Sa mhéid nach léir dúinn ag an bpointe seo cé na torthaí a baineadh amach sa chéad dréacht scéim 2005 – 2008 agus nach bhfuil tuairisc ar fáil ar líon na gcomhlachtaí a bhfuil dréacht scéimeanna á bhfeidhmiú acu ná an staid ina bhfuil na dréacht scéimeanna sin maidir lena bhfeidhmiú is deacair dúinn moltaí sonracha a dhéanamh maidir le dréacht scéim nua atá faoi chaibidil.

Feictear dúinn, áfach, go bhfuil sé inmhianaithe agus riachtanach, mar gheall ar staid leochaileach na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht, go dtabharfaí tosaíocht ar leith:

(a) do chomhlachtaí poiblí atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht nó a bhfuil a chuid foirne lonnaithe sa Ghaeltacht nó ag freastal ar phobal na Gaeltachta.

(b) do chomhlachtaí poiblí a bhfuil a gcuid oifigí riaracháin lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht ach a bhfuil seirbhísí á soláthar acu do phobal na Gaeltachta.

(c) do chomhlachtaí poiblí a sholáthraíonn seirbhísí do phobal na Gaeltachta trí chonraitheoirí nó trí chuideachtaí comhairleoireachta.

Bheadh sé tábhachtach ina gcás sin go ndíreofaí aird agus béim ar leith:

(a) ar an gcumarsáid labhartha/bhéil idir na dreamanna sin agus pobal na Gaeltachta sa réimse iomlán gníomhaíochtaí ina dtarlaíonn an teagmháil leis an bpobal.

(b) ar an gcumarsáid chomharthaíochta, fhógraíochta agus phoiblíochta a bhaineann le gnóthaí na gcomhlachtaí agus na gcuideachtaí sin.

Sa scéim dheireanach tugadh tús áite do mhodhanna cumarsáide leis an bpobal, do mhodhanna cumarsáide idirphearsanta agus do riachtanais oiliúna agus forbartha foirne. Aithnímid go raibh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta aitheanta mar ceann de na chéad ranna Rialtais a bhí i gceist i gClár Dílraithe an Rialtais agus go raibh sé seo le tabhairt san áireamh i gcur i bhfeidhm na Scéime Teanga.

Dá bhrí sin le cur leis an Scéim sin molaimid mar chéad chéim in ullmhú na Scéime nua go ndéanfaí measúnú cuimsitheach ar na nithe seo a leanas:

- An dul chun cinn atá déanta go dtí seo in oiliúint agus i gcumasú foirne ó thaobh seirbhíse a chur ar fáil trí Ghaeilge faoi mar a bhí leagtha síos mar sprioc sa Scéim roimhe seo.
- Anailís a dhéanamh ar réimsí oibre na Roinne is mó ar deineadh éileamh orthu trí Ghaeilge faoin Scéim dheireanach agus céimeanna a aithint le cur leis an tseirbhís seo.

Molaimid freisin nach ndéanfaí aon mhaolú ar an tiomantas a tugadh sa Scéim roimhe seo le seirbhísí a thabhairt trí Ghaeilge nó go dhátheangach.

Údarás na Gaeltacht - Summary Translation

A draft Scheme should identify the services provided in Irish only, English only and bilingually.

As we do not know at this point what results were achieved under the first scheme 2005 – 2008 nor the stage the draft schemes are at it is difficult to make detailed recommendations in relation to a draft new scheme. It would appear desirable, given the sensitive condition of the Irish language in the Gaeltacht that particular attention be given to

(a) public bodies operating in the Gaeltacht, or whose staff are located there, or who are serving the population of the Gaeltacht.

- (b) public bodies whose administrative offices are located outside the Gaeltacht but who are providing services to the population of the Gaeltacht.
- (c) public bodies who are providing services to the population of the Gaeltacht through contractors or consultants. a.

It would be important in that case that particular attention is given to spoken/ oral communication between them and the population of the Gaeltacht and also to signage, advertising and publicity.

In the draft scheme the Department should

- Evaluate progress achieved so far in training staff to provide services through Irish
- Analyse its areas of work which received most demand for services through Irish under the first scheme and to specify the measures to improve these.

We also recommend that the commitment to providing Irish or bilingual services made in the first scheme is maintained.

6 Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Éilíonn an tiomantas do Sheirbhís Chustaiméirí ar Ardchaighdeán mar chuid de Phróiseas Nuachóirithe na Seirbhíse Poiblí tiomantas ar leith ó chomhlachtaí poiblí maidir le feabhas leanúnach a dhéanamh ar chaighdeán cúram custaiméirí, ar sheirbhísí agus ar chomhchomhairle le custaiméirí chun na críche sin. Mar thúsphointe do Scéim na Roinne, tá gá anois le próiseas chomhchomhairle leathnaithe a chuimsíonn suirbhéanna chustaiméirí, grúpaí fócais rialta, srl.

Moltaí

1. Moltar go ndéanfaí cur síos cuimsitheach faoin gceannteidil *Achoimre ar Sheirbhísí agus Ghníomhaíochtaí na hEagraíochta* ar:
 - na seirbhísí trí Ghaeilge a bhí ar fáil roimh theacht i bhfeidhm na chéad scéime,
 - mar a cuireadh leis na seirbhísí sin de réir thosaíochta trí fheidhmiú na chéad scéime, agus
 - mar a chuirfear leis na seirbhísí ar fáil céim ae chéim anois sa dara scéim.
2. **Tairiscint ghníomhach agus cothú éilimh**

- (i) Ní leor d'eagraíochtaí Stáit freastal ar an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Tá dualgas ar an Stáit éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a chothú i gcónaí.
- (ii) Tá sé den riachtanas go mbeadh a fhios ag an bpobal go bhfuil seirbhísí i nGaeilge á dtairiscint ag an Roinn, go bhfuil na seirbhísí sin ríofa amach go soiléir agus go bhfuil fíor fháilte roimh an bpobal na seirbhísí sin a úsáid.
- (iii) Ní mór a chinntiú go ndeimhníonn gach fianaise fhisiciúil sa Roinn, sna hoifigí phoiblí ach go háirithe, gurb ionad oibre dátheangach atá ann.
- (iv) Sa chaoi seo tugtar tairiscint dearfach go bhfuil mar aidhm leis an custaiméir a chur ar a s(h)uaimhneas agus seirbhísí i nGaeilge á lorg.

Aithníonn An Chomhdháil an fhorbairt atá déanta ar shuíomh gréasáin dátheangach na Roinne mar áis le cur chuige na Roinne i dtaobh na Gaeilge agus na seirbhísí dátheangacha atáthar ag soláthar a phoibliú.

3. Im-fhálú ar phoist

- (i) Iarrtar go mbeidh feidhmeannach/oifigeach amháin ar a laghad ainmnithe agus dualgas air/uirthi seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil ó **gach rannóg** de chuid na Roinne a bhíonn ag plé leis an bpobal, agus go bhfoilseofaí ainmneacha agus sonraí teagmhála (uimhir gutháin, seoladh r-phoist, srl.) na bhfostaithe sin.
- (ii) Ba cheart go mbeadh an Ghaeilge aitheanta mar riachtanas do na poist thuasluaite agus foireann á earcú. Ba cheart leis go mbeadh an Roinn sásta córas oiliúna a chur ar fáil go hinmheánach nó go seachtrach dá bhfostaithe chun freastal ar an iarratas thuas.
- (iii) Ní mór a chinntiú go mbíonn gach oifig de chuid na Roinne, oifigí turasóireachta san áireamh, atá lonnaithe i gceantar Gaeltachta ag feidhmiú de réir Alt 13(2)(d & e).
- (iv) De réir mar a chuirtear scéim na Roinne i bhfeidhm cuirfear leis na seirbhísí atá á sholáthar trí Ghaeilge ar bhonn céimiúil. Ní mór a chinntiú go mbíonn deiseanna ardaithe céime ar fáil do na daoine atá i mbun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge,

mar aitheantas don tseirbhís atá á chur ar fáil acu agus lena saineolas a chinntiú don eagraíocht sa réimse chéanna amach anseo.

- (v) Tá den riachtanas go gcuirtear córais monatóireachta agus athbhreithnithe chuí i bhfeidhm sa Roinn lena chinntiú go bhfuil an soláthar seirbhíse ar chomhchaighdeán i nGaeilge agus i mBéarla.

4. Rochtain ar cháipéisíocht

Is gá go mbeadh gach foirm atá le húsáid ag an bpobal ar fáil gan dua go dá-theangach i nGaeilge agus i mBéarla. Moltar go bhfoilseofar foirmeacha iarratais, bróisiúir eolais, agus cáipéisíocht uile na Roinne go dátheangach taobh istigh den chlúdach céanna de réir an dea-chleachtais. Sa chás nach féidir é seo a dhéanamh is gá próiseas a bheith ann lena chinntiú go bhfuil rochtain comhchosúil ar an dá leagan den cháipéis chéanna.

5. Córas Gutháin

Ní mór a chinntiú go bhfuil an fáilteoir / oibritheoir malartáin inniúil sa Ghaeilge le gur féidir leis/léi deileáil le glaonna trí Ghaeilge go héifeachtach.

6. Cruinnithe Poiblí

Moltar go mbeadh oifigí na Roinne ar an airdeall faoi shainriachtanais lucht labhartha na Gaeilge agus muintir na Gaeltachta araon ach go háirithe sa chás go mbíonn cruinniú poiblí le heagrú.

7. Reachtaíocht

Is gá go dtógfaí san áireamh riachtanais phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta in aon reachtaíocht a bheadh á hullmhú ag an Roinn.

8. Tuairisciú ar dhul chun cinn

- (i) Ba cheart go bhfoilseofaí na tuairiscí ar dhul chun cinn a cuirtear faoi bhráid an Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí laistigh den Roinn go tráthúil.
- (ii) Ba cheart go gcuirfí tuairisc bhliantúil ar fáil don phobal maidir le dul chun cinn feidhmiú na scéime agus go bpoibleofaí an tuairisc sin.

- (iii) Ba cheart go mbeadh an dul chun cinn faoin gcéad scéim mar thúsphointe tuairiscithe sa dara scéim agus go léireofaí go soiléir sa chaoi seo go bhfuil an Roinn ag saothrú chun feabhais trí Ghaeilge.

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge – Summary Translation

Introduction

The commitment to Quality Customer Service as part of the public service modernization process requires a commitment from public bodies to continually improve customer care, services and consultation. As a starting point, the Department's Scheme should adopt an extensive consultation process including customer surveys, focus groups, etc.

Recommendations

Comprehensive information about:

- The services available before the adoption of the first scheme
- How these services were improved under the first scheme
- How these services will be improved under the second scheme (item by item)

Proactive supply of service and creating demand

- It is not sufficient to react to existing demand but the State also has a duty to create demand
- These services must be publicised
- The fact that the Department's workplaces are bilingual must be physically evident
- It must be made clear to the customer that he is welcome to seek a service through Irish

Ringfencing of Posts

- (vi) There should be at least one officer designated to provide services in Irish in each section. Their names and contact details should be published.
- (vii) Irish proficiency should be a recognised requirement for these posts. Sufficient training should be provided.
- (viii) Each office in the Department, including tourists offices, located in the Gaeltacht should operate according to Section 13(2)(d & e).
- (ix) As the Department's scheme is implemented and the services through Irish increase by degrees opportunities for promotion should be provided for those providing a service in Irish.
- (x) A suitable monitoring and review mechanism should be operated.

Access to Documentation

All forms used by the public should be bilingual, preferably within the same binding.

Phone System

The receptionist or switchboard operator should be proficient in Irish.

Public Meetings

The Department should be attentive to the needs of Irish speakers and people from the Gaeltacht.

Legislation

The needs of Irish speakers and people from the Gaeltacht should be considered when preparing any legislation.

Reporting Progress

- (iv) Progress Reports should be submitted to the senior management group regularly.
- (v) An annual report should be published and publicised in relation to progress in implementing the scheme.
- (vi) Reporting in the second scheme should take as its starting point progress achieved during the first one.